

Aguisín 2

Ceantair Riaracháin agus Daonáirimh

Réamhrá

Tá an tír roinnte ar go leor bealaí difriúla críche agus tá cur síos anseo thíos ar an gcuid is tábhactaí ó thaobh an Daonáirimh de. Tá gach ceantar leagtha amach ag dáta an Daonáirimh 2006 agus níl aon athruithe ó shoin orthu seo curtha san áireamh.

Bailte Fearainn

Déantar áireamh ar mhaithe le Daonáireamh ar dtus báire de réir bailte fearainn i gceantair tuaithe agus de réir sráide i gceantair uirbeacha. Is é an Baile Fearainn an roinn is lú críche a bhaintear úsáid as ar mhaithe le cúrsái riaracháin. Níor cuireadh figiúirí daonra maidir le bailte fearainn, tá timpeall 51,000 díobh ann, i gcló ó bhí Daonáireamh 1911 ann. Ní bhaintear úsáid as bailte fearainn mar cheantair riaracháin taobh istigh de theorainneacha de cheantair uirbeacha atá leagtha síos sa dlí – Cathracha agus Bailte. Don chuid is mó de na ceantair eile uirbeacha gan theorainneacha atá leagtha síos sa dlí ní féidir figiúirí daonra bailte fearainn a chur le chéile mar tá scríos déanta ag forbairt na tógála ar na gnéithe fisiciúla a bhíodh in úsáid ar léarscáileanna ag an tSuirbhéireacht Ordanáis le theorainneacha na mbailte fearainn a leagan síos.

Toghranna (ED)

Faoi Roinn 23 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994 tháinig athrú ar an téarma Toghroinn Cheantair chuiig Toghroinn. Tháinig an t-athrú seo i bhfeidhm ar an 24 Meitheamh 1996 (I.R. 196 de 1996). Faoi Rialachán Leasuithe Chontae Bhuirg Átha Cliath (Bardaí), 1997 rinneadh leasú ar an ainm Gort na Silíní chuiig an ainm Carna (I.R. 43 de 1997). Is é an Toghroinn an ceantar is lú riaracháin lena bhfoilsítear staitisticí daonra. I gceantair tuaithe is ionann gach Toghroinn agus comhionlán bailte fearainn iomlána. Tá 3,440 Toghranna sa Stát agus tá a ndaonra tugtha i dTábla 6 den fhoilseachán seo.

Ceantair Bhaile agus Tuaithe

Déantar Toghranna a chur le chéile le Bailte¹ (nó Cathracha nuair is cuí) agus Ceantair Tuaithe a dhéanamh, agus ansin cuirtear le chéile iad le contaetha a dhéanamh suas. Tháinig deireadh mar cheantair riaracháin sa bliain 1925 leis an 160 Ceantair Tuaithe (i gcás Ceantair Tuaithe i gContae Átha Cliath tháinig deireadh leo sa bliain 1930) ach tá siad coinnithe ar mhaithe le cúrsái daonáirimh mar aonaid áitiúla ceantair, meán mhéid idir Toghranna agus Contaetha. Tugtar ceantair tuaithe orthu sa thuairisc reatha. I gcás Contae Átha Cliath, áfach, ní féidir figiúirí na gCeantar Tuaithe a chur le chéile mar gheall ar athbhreithnithe móra atá déanta thar na blianta ar theorainneacha na dToghranna. Tá figiúirí daonra do Bhailte agus do cheantair tuaithe tugtha i dTábla 6 den imleabhar seo.

Contaetha agus Cathracha

Faoi Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (I.R. 591 de 2001), tugtar anois Cathracha ar na ceantair ar a tugadh Buirgí Contae. Tugtar anois Buirgí ar cheantair ar a tugadh Buirgí Cathracha cheana. Tugtar anois Tiobráid Arann Thuaidh agus Tiobráid Arann Theas faoi seach ar na ceantair ar a tugadh cheana Trian Thuaidh Thiobráid Árann agus Trian Theas Thiobráid Árann.

I dtuairisci an daonáirimh déantar an tír a roinnt i 29 Contae agus cúig Chathair. Taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath tá 26 contaetha riaracháin ann (is contae faoi leith iad Tiobráid Árann Thuaidh agus Tiobráid Arann Theas ar mhaithe le cúinsí riaracháin) agus ceithre Chathair, i.e. Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh. I mBaile Átha Cliath déantar ceithre cheantar a ainmniú iontu féin, is iad sin Cathair Bhaile Átha Cliath agus an trí Chontae Riaracháin de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas.

Ó am go chéile déantar theorainneacha na gCathracha a athrú ag brath ar leathnú amach de bharr na tógála agus ní féidir, mar sin, figiúirí siarghábhálacha daonra gur féidir a chur i gcomparáid lena chéile a thaispeáint thar thréimhse fhada. Ach, ar an taobh eile den scéal níl ach fíorbheagán tionchar ar chontaetha ag athrú i dteorainneacha agus is féidir daonra an chontae a chur i gcomparáid (na Cathracha cuí san áireamh) thar tréimhse fhada ama. Tá sé seo déanta i dTábla 2, a léiríonn figiúirí daonra contae do gach bliain daonáirimh ó 1841 go 2006.

¹ Tá liosta iomlán síntí le theorainneacha Bailte a tháinig i bhfeidhm faoi Orduithe Rialtais tugtha in Aguisín 4.

Aguisín 2 (Ar lean)

Dáilcheantair

Ar mhaithe le toghcháin do Dháil Éireann tá an tír roinnte i nDáilcheantair. Ní mór, de réir Alt 16.4, de Bhunreacht na hÉireann, athbhreithniú a dhéanamh orthu ar a laghad gach dhá bhliain déag ag tabhairt athruithe i ndáileadh an daonra san áireamh. Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar na Dáilcheantair sa bhliain 2005 agus tá sonraí maidir lena ndéantús ar fáil sa Sceideal um Acht Toghcháin (Leasú) (Uimhir 16) 2005. Tá daonra 2006 do na ceantair seo tugtha i dTábla 8.

Ceantair Thoghcháin Áitiúla

Ar mhaithe le toghcháin Chomhairlí Contae agus Cathrach tá gach contae agus cathair roinnte i gCeantair Thoghcháin Áitiúla atá curtha le chéile bunaithe ar Orduithe a dhéantar faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1941. Go ginearálta, déantar na ceantair seo trí Toghranna a chur le chéile. Ach, i roinnt cásanna déantar Toghranna a roinnt idir Cheantair Thoghcháin Áitiúla ar mhaithe le bheith áisiúil do thoghdóirí. Tá figiúirí daonra do Cheantair Thoghcháin Áitiúla tugtha i dTábla 9. Cuireann an tábla seo an déantús reatha ar fáil do na ceantair thoghcháin áitiúla mar a bhunaíodh faoi na hlonstraim Reachtúla cuí.

Rinneadh na teorainneacha idir Chontaetha Lú, na Mí agus Contaetha Ceatharlaigh, Laoise a athrú, ar mhaithe le cúiseanna toghcháin amháin, faoi Rialacháin Rialtais Áitiúil (Teorainneacha) (Toghcháin Bhaile), 1994. Mar gheall ar na hathruithe seo sna teorainneacha, ní hionann iomlán líon na ndaoine sna Ceantair Thoghcháin Áitiúla i ngach ceann den cheithre chontae seo agus na figiúirí daonra foilsithe do na contaetha seo.

Bailte

Ar mhaithe le daonáireamh tá dhá chineál bhaile ann, iad siúd le agus iad siúd gan teorainn sonraithe faoin ndlí.

I measc na mbailte le teorainneacha sonraithe faoin ndlí tá :

- (1) cúig Chathair;
- (2) cúig Bhúrig;
- (3) 75 Baile.

Tá liosta de gach baile le teorainn sonraithe faoin ndlí tugtha in Aguisín 3.

Faoi Roinn 62 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994 (I.R. 171 de 1994, níl stádas baile ag an sé bhaile seo a leanas níos mó: Callain, Fiadh Ard, An Caisleán Nua, Ráth Caola, Ros Comáin agus An Tulach. Tá deireadh tagtha anois leis an Acht um Fheabhsúcháin Bhaile faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (I.R. 591 de 2001). Faoin Acht seo tugtar anois Bailte ar cheantair a bhíodh ina gCeantair Uirbeacha, mar a tugtar freisin ar an 26 baile a bhíodh cheana ina mbailte faoin Acht um Fheabhsúcháin Bhaile.

Aguisín 2 (Ar lean)

Tugtar "bailte daonáirimh" ar bhailte nach bhfuil teorainneacha acu atá sonraithe faoin ndíl. Leagann an Phríomh-Oifig Staidrimh a dteorainneacha síos, ar mhaithe le cúinsí daonáirimh amháin. Bhí 664 baile mar seo ann sa bliain 2006.

(i) Bailte le Teorainneacha Sonraithe faoin nDlí

I gcás bailte le teorainneacha atá sonraithe faoin dlí is gá, ar mhaithe le cúrsaí riarrachán, figiúirí daonra a chur le chéile do na ceantair taobh istigh de na teorainneacha seo. Ach, tá go leor de na bailte seo tar éis fáis amach thar na teorainneacha atá leagtha síos dóibh sa dlí. Mar thoradh bheadh líon mór daoine sna pobail ina bhfuil na bailte seo mar chroí lár acu fágtha amach dá mbeadh an clúdach coinnithe go beacht chuig teorainneacha sonraithe faoin dlí. Tá an fhadhb seo ag fáil níos mó ó dhaonáireamh amháin chuig an gcéad cheann eile agus ceantair uirbeacha ag leathnú amach níos mó isteach sna cheantair taobh leo. Is iondúil nach mbíonn athbhreithnithe ar na teorainneacha dlíthiúla déanta chomh tapaidh leis an bhforbairt mar gheall go mbraitheann siad ar cheisteanna eile seachas an gá atá le ceantair uirbeacha a leagan amach ar mhaithe le Daonáireamh.

Baineann cuid mhaith d'anailís an daonáirimh ar ollmhéid na ngrúpaí daonra agus ní hamháin le ceantair taobh istigh de theorainneacha sonraithe faoin dlí. Mar sin, in áiteanna ina bhfuil na ceantair uirbeacha fásta amach taobh amuigh den teorainn sonraithe faoin dlí, leagann an Phríomh-Oifig Staidrimh síos teorainneacha nua a shonraíonn na ceantair *fo-uirbeacha* de Chathracha/Buirgí agus *ceantair mhaguaird* de bhailte dlíthiúla eile ar mhaithe leis an daonáireamh.

Déantar bruach bhailte/ceantair mhaguaird a shainmhíniú, de réir moltaí na Náisiún Aontaithe, mar leanúint ar chonlán daonra faoi leith taobh amuigh dá theorainn atá sonraithe faoin dlí agus ina bhfuil gach áitreabh cónaithe le daoine i seilbh faoi 200 méadar ón áitreabh cónaithe le daoine i seilbh is giorra. Déantar bruach bhaile nó ceantair mhaguaird nua a shainmhíniú sa chás amháin go bhfuil ar a laghad 20 áitreabh cónaithe le daoine i seilbh taobh amuigh den teorainn sonraithe faoin dlí taobh istigh den teorainn nua seo. Leis an rial 200 méadar ní chuirtear san áireamh foirgnimh thionsclaíocha, gnó agus siamsaíochta mar fhoirgnimh a bhriseann leanúnachas an cheantair faoi fhoirgnimh.

Rinneadh ceantair fo-uirbeach do Chathair Átha Cliath agus do Chathair Chorcaí a shonrú don chéad uair i nDaonáireamh 1951. Do Dhaonáireamh 1956 rinneadh gach baile le teorainn sonraithe faoin dlí a scrúdú i gcomhair leis na hÚdarás Áitiúla cuí agus nuair ba ghá, rinneadh ceantair fo-uirbeacha nó ceantair mhaguaird a shainmhíniú ar chúiseanna daonáirimh. Rinneadh athbhreithniú ar na teorainneacha fo-uirbeacha do gach daonáireamh ina dhiaidh sin. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach mar chuid den chéim phróiseála de Dhaonáireamh 2006.

(ii) Bailte Daonáirimh

Mar a bhí i ndaonáirimh ó 1971, déantar baile daonáirimh a shainmhíniú mar chonlán de chaoga áitreabh cónaithe i seilbh nó níos mó, gan teorainn sonraithe faoin dlí, ina bhfuil taobh istigh d'achar 800 méadar bunghrupa de thríocha theach cónaithe i seilbh ar dhá thaobh an bhóthair nó fiche teach cónaithe i seilbh ar thaobh amháin den bhóthar. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar theorainneacha bailte atá ann cheana agus bailte a d'fhéadfadh a bheith ina mbailte daonáirimh mar chuid de chéim phróiseála Dhaonáirimh 2006. Mar chuid den athbhreithniú seo rinneadh teorainneacha bailte daonáirimh a bhí bunaithe cheana a leathnú amach nuair ba chuí ag baint úsáide as an rial 200 méadar mar atá sonraithe thusa do cheantair fo-uirbeacha. Bunaíodh 52 baile nua daonáirimh do Dhaonáireamh 2006. Chomh maith, déanadh bailte daonáirimh de shé bhaile nach raibh ina mbailte sonraithe faoin dlí níos mó (féach an leathanach roimhe seo).

Do dhaonáirimh 1926 go 1951 bhí baile daonáirimh sainmhíniithe go simplí mar chonlán de fiche níos mó tithe ag díreach teorainn an bhaile a bhí fágtha faoin áiritheoir indibhidiúil le déanamh amach. Mar chuid den athbhreithniú ginearálta ar bhailte do Dhaonáireamh 1956 rinneadh teorainneacha na mbailte daonáirimh a leagan síos i gcomhair leis na hÚdarás Áitiúla éagsúla ag cur na bpriónsabal céanna i bhfeidhm i ngach ceantar den tir. Rinneadh athrú ar shainmhíniú baile daonáirimh ag Daonáireamh 1956, ó fiche teach go fiche teach le daoine i seilbh; cuireadh an sainmhíniú seo i bhfeidhm freisin do Dhaonáirimh 1961 agus 1966.

Tá daonra na mbailte tugtha i dTáblaí 5, 7 agus 12. Tá daonra iomlán na mbailte ar fad agus a mbruach bhailte nó a gceantar maguaird nuair is cuí tugtha i dTábla 5, in ord méid taobh istigh de chontaetha. Tá liosta in ord aibítre de na bailte ar fad sa tir, lena ndaonra, tugtha i dTábla 12. I dTábla 7 tá bailte le daonra de 1,500 agus níos mó rangaithe i ngrúpaí méid bunaithe ar dhaonra iomlán. Is ionann daonra iomlán sa chomhthéacs seo agus daonra na mbailte, le bruach bhailte agus ceantair mhaguaird san áireamh, más ann dóibh.

Aguisín 2 (Ar lean)

Ceantar Átha Cliath

I nDaonáireamh 2006 is ionann *MórCheantar Átha Cliath* agus Cathair Átha Cliath agus na bruachbhailte i.e. Bruachbhailte MórCheantar Átha Cliath). Tá eolas maidir le daonra Chathair Átha Cliath agus bailte indibhidiúla i dtáblaí éagsúla (atá sonraithe leo féin agus ní mar chuid de MhórCheantar Átha Cliath) chomh maith le don Bhaile lomlán agus do Cheantair Tuaithe lomlána Chontae agus Chathair Átha Cliath.

Baile lomlán agus Ceantar lomlána Tuaithe

Mar leanúnachas ar an sainmhíniú a bhí in úsáid i dtuairiscí daonáirimh ó 1966, tá an daonra sa Cheantar lomlán Baile, mar atá léirithe i dTáblaí 3, 4 agus 7 den imleabhar seo agus in imleabhair eile de thuairisc an daonáirimh, sainmhínithe mar na daoine sin a bhí ina gcónaí i gconlán daonra de 1,500 nó níos mó cónaitheoirí. Má tá ceantar fo-uirbeach nó ceantar mhaguaird ag baile le teorainn sonraithe faoin dlí taobh amuigh den teorainn seo, agus má tá daonra de 1,500 nó níos mó - déanta suas den daonra taobh istigh den teorainn sonraithe faoin dlí móide an daonra sna bruach bhailte nó sna ceantar mhaguaird – déantar an baile seo (a bhrúach bhailte nó ceantar mhaguaird san áireamh) a rangú mar chuid den Cheantar lomlán Baile. Chomh maith céanna déantar baile daonáirimh le 1,500 nó níos mó cónaitheoirí a rangú mar chuid den Cheantar lomlán Baile.

Tá an daonra atá ina gcónaí i ngach ceantar taobh amuigh de chonlán de 1,500 nó níos mó cónaitheoirí á rangú mar chuid den Cheantar lomlán Tuaithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara speisialta nach mbaineann an téarma "Ceantar lomlán Tuaithe" leis an téarma 'ceantar tuaithe' ar cuireadh síos air níos luaithe. Coincheap ar mhaith le staitisticí é an Ceantar lomlán Tuaithe ach is iar-aonad achair riarracháin é an ceantar tuaithe. I dTábla 7 feictear dúinn go raibh daonra de 2,574,313 ag an gCeantar lomlán Baile sa bhliain 2006. Díobh seo bhí 1,318,068 ina gcónaí taobh istigh de theorainneacha bailte sonraithe faoin dlí agus bhí 1,016,809 ina gcónaí i mbruach bhailte agus ceantar mhaguaird na mbailte seo nó i mbailte daonáirimh. Léiríonn Tábla 7 freisin go raibh 5 bhaile le teorainneacha sonraithe faoin dlí nach raibh sách mór, fiú le daonra a gceantar maguaird, le bheith curtha san áireamh sa Cheantar lomlán Baile agus gurb é 2,870,395 daoine an daonra lomlán i mbailte de gach méid, síos go dtí fós-theorainn de chaoga tithe le daoine i seilbh.

Ceantar Ghaeltachta

In Orduithe na gCeantar Ghaeltachta, 1956, 1967, 1974 agus 1982 leagadh síos an Ghaeltacht mar 155 Toghanna nó cuid de Thoghanna i gcontaetha Chorcaí, Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chiarraí, Mhaigh Eo, na Mí agus Phort Láirge. Tá daonra na dToghanna seo ná cuid diobh sna blianta 2002 agus 2006 tugtha i dTábla 10.

Na hOileán Mhara

Tá daonra na n-oileán mara sna blianta 2002 agus 2006 tugtha i dTábla 11. I gcás roinnt acu ní gá, i ndáiríre, gur oileán iad an talamh ar fad atá luaite mar gheall ar cheangal a bheith acu leis an mórhír le cabhsa nó le droichead nó, is féidir teacht amach chucu ar thalamh nuair atá an taoide íseal. Ach, coinníodh iad gan aon athrú don fhoilseachán reatha ar maithe le leanúnachas le daonáirimh a tógadh cheana.

Aguisín 2 (ar lean)

Údaráis Réigiúnacha

Tá na fo-cheantair gheografacha i dTábla 4 bunaithe ar Údaráis Réigiúnacha. Bunaíodh an t-ocht réigiún seo faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1991, Ordú Bunaithe na nÚdarás Réigiúnach, 1993 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1994.

| Ainm an Réigiún | Comhchontaetha | Cineál Réigiún |
|-------------------|--|--|
| Teorainn | An Cabhán Dún na nGall Liatroim An Lú Muineachán Sligeach | Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin |
| Baile Átha Cliath | Baile Átha Cliath Dún Laoghaire-Rath an Dúin Fine Gall Átha Cliath Theas | Cathair Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin |
| Lár-Oirthear | Cill Dara An Mhí Cill Mhantáin | Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin |
| Lár Tíre | Laois Longfort Uíbh Fhaillí An Iarmhí | Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin |
| Lár-larthal | An Clár Luimneach Luimneach Tiobráid Árann Thuaidh | Contae Riaracháin Cathair Contae Riaracháin Contae Riaracháin |
| Oir-Dheisceart | Ceatharlach Cill Chainnigh Tiobráid Árann Theas Port Láirge Port Láirge Loch Garman | Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin Cathair Contae Riaracháin Contae Riaracháin |
| Iar-Dheisceart | Corcaí Corcaí Ciarráí | Cathair Contae Riaracháin Contae Riaracháin |
| An Iarthal | Gaillimh Gaillimh Maigh Eo Ros Comáin | Cathair Contae Riaracháin Contae Riaracháin Contae Riaracháin |

Do dhaonáireamh 1991 agus daonáirimh roimhe baineadh úsáid as Réigiún Phleanála mar fo-cheantair gheografacha.

Aguisín 2 (Ar lean)

Sa bhliain 1999 faoin Acht Rialtais Áitiúil, 1991, Ordú um Bhunú na dTionól Réigiúnach, 1999 (I.R. 226 de 1999) bunaíodh dhá Údarás Réigiúnach eile ar a tugadh Tionól Réigiúnacha. Tugtar (1) Tionól Réigiúnach an Teorainn, Lár Tíre agus an Iarthair (BMW) agus (2) Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir (S&E) ar an dá thionól. Tá na tionóil seo bunaithe ar Struchtúr an Údarás Réigiúnaigh a bhí ann cheana.

| Ainm an Réigiúin | ComhÚdarás Réigiúnda |
|---|--|
| Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair | Comhairle Chontae an Chabháin Comhairle Chontae Dhún na nGall Comhairle Chathrach na Gaillimhe Comhairle Chontae na Gaillimhe Comhairle Chontae Laoise Comhairle Chontae Liatroime Comhairle Chontae an Longfoirt Comhairle Chontae an Lú Comhairle Chontae Mhaigh Eo Comhairle Chontae Mhuineacháin Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Comhairle Chontae Ros Comáin Comhairle Chontae Shligigh Comhairle Chontae na hIarmhí |
| Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir | Comhairle Chontae Cheatharlachaí Comhairle Chontae an Chláir Comhairle Chathair Chorcaí Comhairle Chontae Chorcaí Comhairle Chathair Átha Cliath Comhairle Chontae Dún Laoghaire/Ráth an Dúin Comhairle Chontae Phine Ghall Comhairle Chontae Chiarraí Comhairle Chontae Chill Dara Comhairle Chontae Chill Chainnigh Comhairle Chathair Luimní Comhairle Chontae Luimní Comhairle Chontae na Mí Comhairle Chontae Átha Cliath Theas Comhairle Chontae Thiobráid Árainn Thuaidh Comhairle Chontae Thiobráid Árainn Theas Comhairle Chontae Phort Láirge Comhairle Chathair Phort Láirge Comhairle Chontae Loch Garmáin Comhairle Chontae Chill Mhantáin |

Tomhais Achair

Tá achar á thomhas i heicteáir mar atá léirithe i dTábla 6. Chuir an tSuirbhéireacht Ordanáis na sonraí cuí achar ar fáil. Níl achair lochanna, aibhneacha ná sruthanna taoide san áireamh sna hachair atá léirithe.

Aguisín 3

Bailte le Teorainneacha Leagtha Síos sa Dlí

Cathracha

Corcaigh
Baile Átha Cliath
Gaillimh
Luimneach
Port Láirge

Contae ina bhfuil sé ionnaithe

Co Chorcaí
Co Átha Cliath
Co na Gaillimhe
Co Luimní
Co Phort Láirge

Buirgí

Cluain Meala
Droichead Átha
Cill Chainnigh
Sligeach
Loch Garman

Tiobráid Árann Theas
Co Lú
Co Chill Chainnigh
Co Shligigh
Co Loch Garman

Bailte

Baile Átha Fhirdhia
An tInbhear Mór
Baile Átha Luain
Baile Átha Í
Baile Brigín
Béal an Átha
Béal Átha na Sluaighe
Béal Átha Beithe
Béal Átha Seanaidh
Droichead na Bandan
Beanntraí
Béal Tairbirt
Biorra
Mainistir na Búille
Bré
Bun Cranncha
Bun Dobhráin
Ceatharlach
Carraig Mhachaire Rois
Carraig na Siúire
Caiseal
Caisleán an Bharraigh
Baile na Lorgan
An Cabhán
Ceannanus Mór
Cloich na Coillte
Cluain Eois
An Cóbh
Muinchille
Droichead Nua
Dún Dealgan
Dún Garbhán
Éadan Doire
Inis
Inis Córthaidh
Mainistir Fhear Maí
Guaire
Gránard
Na Clocha Liatha
Cill Chaoi

Co Lú
Co Chill Mhantáin
Co na hIarmhí
Co Chill Dara
Co Átha Cliath
Co Mhaigh Eo
Co na Gaillimhe
Co Mhuineacháin
Co Dhún na nGall
Co Chorcaí
Co Chorcaí
Co an Chabháin
Co Uíbh Fhailí
Co Ros Comáin
Co Chill Mhantáin
Co Dhún na nGall
Co Dhún na nGall
Co Cheatharlaigh
Co Mhuineacháin
Tiobráid Árann Theas
Tiobráid Árann Theas
Co Mhaigh Eo
Co Mhuineacháin
Tiobráid Árann Theas
Tiobráid Árann Theas
Co an Chabháin
Co na Mí
Co Chorcaí
Co Mhuineacháin
Co Chorcaí
Co an Chabháin
Co na Mí
Co Chorcaí
Co an Chabháin
Co Chill Dara
Co Lú
Co Phort Láirge
Co Uíbh Fhailí
Co an Chláir
Co Loch Garman
Co Chorcaí
Co Loch Garman
Co Longfoirt
Co Chill Mhantáin
Co an Chláir

Aguisín 3 (ar lean)

Bailte

Cill Áirne
 Cill Rois
 Cionn tSáile
 Léim an Bhradáin
 Leitir Ceanainn
 Lios Mór
 Lios Tuathail
 An Longfort
 Baile Locha Riach
 Maigh Chromtha
 Mala
 Mainistir na Corann
 Muineachán
 Móinteach Mílic
 Muine Bheag
 An Muileann gCearr
 An Nás
 An Uaimh
 An tAonach
 Ros Mhic Thriúin
 An Pasáiste
 Port Laoise
 Sionainn
 An Sciobairín
 An Teampall Mór
 Durlas
 Tiobráid Árann
 Trá Lí
 Trá Mhór
 Baile Átha Troim
 Tuaim
 Tulach Mhór
 Cathair na Mart
 Cill Mhantáin
 Eochaill

Contae ina bhfuil sé lonnaithe

Co Chiarraí
 Co an Chláir
 Co Chorcaí
 Co Chill Dara
 Co Dhún na nGall
 Co Phort Láirge
 Co Chiarraí
 Co Longfoirt
 Co na Gaillimhe
 Co Chorcaí
 Co Chorcaí
 Co Chorcaí
 Co Chorcaí
 Co Mhuineacháin
 Co Laoise
 Co Cheatharláigh
 Co na halarmhí
 Co Chill Dara
 Co na Mí
 Tiobráid Árann Thuaidh
 Co Loch Garman
 Co Chorcaí
 Co Laoise
 Co an Chláir
 Co Chorcaí
 Tiobráid Árann Thuaidh
 Tiobráid Árann Thuaidh
 Tiobráid Árann Theas
 Co Chiarraí
 Co Phort Láirge
 Co na Mí
 Co na Gaillimhe
 Co Uíbh Fhaillí
 Co Mhaigh Eo
 Co Chill Mhantáin
 Co Chorcaí

Aguisín 4 –

Síntí le Bailte agus le Buircí ó 1926

| Contae | Ceantar | Toghoirinn |
|-------------------|-----------------------|--|
| Co Cheatharlaigh | Ceatharlach | 1 Ceatharlach Uirbeach 2 An Ghráig Uirbeach 19 Ceatharlach Tuaithe (cuid)* |
| Co Chill Dara | Baile Átha Í | 1 Baile Átha í Thoir Uirbeach 2 Baile Átha í Thiar Uirbeach 4 Baile Átha í Tuaithe (cuid)* |
| Co Longoirt | An Longfort | 1 Longfort Uimhir 1 Uirbeach 2 Longfort Uimhir 2 Uirbeach 51 Longfort Tuaithe (cuid)* |
| Co an Lú | Buirc Dhroichead Átha | 1 Geata Shráid an Aonaigh 2 Geata San Labhráis 3 Geata Shráid na gCapall 41 Toghoirinn Pheadair (cuid)* ‡ Toghoirinn Mhuire (cuid)* |
| | Dún Dealgan | 4 Dún Dealgan Uirbeach No. 1 5 Dún Dealgan Uirbeach No. 2 6 Dún Dealgan Uirbeach No. 3 7 Dún Dealgan Uirbeach No. 4 23 Caisleán Dhún Dealgan (cuid)* 27 Dún Dealgan Tuaithe (cuid)* 30 Baile Hagaird (cuid)* |
| Co na Mí | Ceannanús Mór | 1 Ceannanús Mór Uirbeach 26 Ceannanús Mór Tuaithe (cuid)* |
| | An Uaimh | 2 An Uaimh Uirbeach 55 An Uaimh Tuaithe (cuid)* |
| | Baile Átha Troim | 3 Baile Átha Troim Uirbeach 92 Baile Átha Troim Tuaithe (cuid)* |
| Co na hIar Mhí | Baile Átha Luain | 1 Baile Átha Luain Thoir Uirbeach 2 Baile Átha Luain Thiar Uirbeach 3 Baile Átha Luain Thoir Tuaithe (cuid)* 14 Maigh Droma (cuid)* |
| Co Loch Garman | Inis Córthaidh | 1 Inis Córthaidh Uirbeach 21 Inis Córthaidh Tuaithe (cuid)* |
| | Buirc Loch Garman | 4 Loch Garman Uimhir 1 Uirbeach 5 Loch Garman Uimhir 2 Uirbeach 6 Loch Garman Uimhir 3 Uirbeach 123 Loch Garman Tuaithe (cuid)* |
| Co Chill Mhantáin | Bré | 3 Bré Uimhir 1 4 Bré Uimhir 2 5 Bré Uimhir 3 6 Ráth Michíl (Bré) 35 Cill Mocheanóig (cuid)* |

* San áireamh cheana i gCeantair Tuaithe.

‡ ED 47 cheana (cuid) i gCo na Mí.

Aguisín 4 (Ar lean)

| Contae | Ceantar | Toghroinn |
|----------------------|-----------------------|--|
| Co an Chláir | Inis | 1 Inis Uimhir 1 Uirbeach 2 Inis Uimhir 2 Uirbeach 3 Inis Uimhir 3 Uirbeach 4 Inis Uimhir 4 Uirbeach 26 Mainistir an Chláir (cuid)* 29 Dúire (cuid)* 32 Inis Tuaithe (cuid)* 42 Cnoc Uarchoille (cuid)* |
| Co Chorcaí | Eochaill | 10 Eochaill Uirbeach 325 Eochaill Tuaithe (cuid)* |
| Co Chiarraí | Cill Áirne | 1 Cill Áirne Uirbeach 82 Cill Áirne Tuaithe (cuid)* 90 Mucros (cuid)* |
| | Trá Lí | 3 Trá Lí Uirbeach 138 Cathair Uí Mhóráin (cuid)* 165 Trá Lí Tuaithe (cuid)* |
| Tiobráid Arann Theas | Buirg Chluain Meala | 85 Cluain Meala Thoir Uirbeach 86 Cluain Meala Thiar Uirbeach 133 Cluain Meala Tuaithe (cuid)* 134 Inis Leamhnachta (cuid)* |
| Co Mhaigh Eo | Béal an Átha | 1 Ard na Ria Theas Uirbeach 2 Béal an Átha Uirbeach 6 Ard na Ria Thuaidh (cuid)* 7 Ard na Ria Theas Tuaithe (cuid)* 10 Béal an Átha Tuaithe (cuid)* |
| | Caisleán an Bharraigh | 3 Caisleán an Bharraigh Uirbeach 74 Caisleán an Bharraigh Tuaithe (cuid)* |
| | Cathair na Mart | 4 Cathair na Mart Uirbeach 144 Cill Mhíona (cuid)* |
| Co Dhún na nGall | Leitir Ceanainn | 3 Leitir Ceanainn Uirbeach 96 Baile Mhic Comhghaill (cuid)* 97 Caisleán Wray (cuid)* 99 Corr an Mhadaidh (cuid)* 100 Éadan an Charnáin (cuid)* 105 Leitir Ceanainn Tuaithe (cuid)* 106 An Machaire Buí (cuid)* |
| Co Mhuineachán | Baile na Lorgan | 2 Baile na Lorgan Uirbeach 27 Baile na Lorgan Tuaithe (cuid)* |
| | Cluain Eois | 3 Cluain Eois Uirbeach 36 Cluain Eois Tuaithe (cuid)* |
| | Muineachán | 4 Muineachán Uirbeach 63 Muineachán Tuaithe (cuid)* |

* San áireamh cheana i gCeantair Tuaithe.

Síntí le Teorainneacha

Ceadaíodh go hoifigiúil síntí le teorainneacha na mbailte seo a leanas ó bhí an daonáireamh deireanach ann:

| | |
|------------------|---------------------------|
| Leitir Ceanainn | I.R. 679 agus 680 de 2003 |
| Baile Átha Luain | I.R. 704 agus 705 de 2003 |

Aguisín 5 Daonra Bailte nó Ceantar Mhaguaird/Bruachbailte atá lonnaithe i níos mó ná Contae amháin

| Baile | Contaetha | Líon Daoine | | Céatadán athraithe 2006-2006 |
|---------------------------------------|--|-------------|--------|---------------------------------|
| | | 2002 | 2006 | |
| Ceantar Mhaguaird Cheatharlach | Co Cheatharlach Co Laoise | 5,269 | 7,101 | 34.8 |
| Gráig na Manach-Tigh na hInse | Co Cheatharlach Co Chill Chainnigh | 1,435 | 1,376 | -0.4 |
| Bun Clóidí-Carraig Dhubh | Co Cheatharlach Co Loch Garman | 1,361 | 1,863 | 37.9 |
| Cluain na nGall | Co Cheatharlach Co Loch Garman | 193 | 231 | 19.7 |
| Ceantar Mhaguaird Bré | Co Átha Cliath Co Chill Mhantáin | 4,707 | 4,860 | 3.3 |
| Ceantar Mhaguaird Ros Mhic Thriúin | Co Chill Chainnigh Co Loch Garman | 1,727 | 3,032 | 75.6 |
| Cúil an tSúdaire | Co Laoise Co Uíbh Fhailí | 4,001 | 6,004 | 50.1 |
| Baile Átha Liag | Co Longfoirt Co Ros Comáin | 943 | 1,112 | 17.9 |
| Ceantar Mhaguaird Dhroichead Átha | Co Lú Co na Mí | 2,687 | 6,117 | 127.7 |
| Ceantar Mhaguaird Bhaile Átha Luain | Co na hIarmhí Co Ros Comáin | 8,582 | 3,197 | -62.7 |
| Bruachbailte Luimní | Co an Chláir Co Luimní | 32,975 | 38,218 | 15.9 |
| Droichead Uí Bhriain-Montpelier | Co an Chláir Co Luimní | 375 | 378 | 0.1 |
| Mainistir na Croiche | Tiobráid Árann Thuaidh Tiobráid Árann Theas | 610 | 700 | 14.8 |
| Ceantar Mhaguaird Chluain Meala | Tiobráid Árann Theas Co Phort Láirge | 1,171 | 1,526 | 30.3 |
| Ceantar Mhaguaird Charraig na Siúire* | Co Phort Láirge | 5,586 | 5,906 | 5.7 |

* Baile Charraig na Siúire lonnaithe i dtiobráid Árann Thuaidh. Ceantar mhaguaird i bPort Láirge.

Aguisín 5 (Ar lean)

| Baile | Contaetha | Líon Daoine | | Céatadán athraithe 2002-2006 |
|---|---|-------------|-------|---------------------------------|
| | | 2002 | 2006 | |
| Conga | Co na Gaillimhe Co Mhaigh Eo | 185 | 150 | -18.9 |
| Ceantair mhaguaird ar Bhéal Átha na Sluaighe | Co na Gaillimhe Co Ros Comáin | 235 | 254 | 8.1 |
| Cora Droma Rúisc | Co Liatroime Co Ros Comáin | 2,237 | 3,163 | 41.4 |
| Rúscaigh | Co Liatroime Co Ros Comáin | 198 | 329 | 66.2 |
| Baile Chathail- Béal Lathaigh | Co Mhaigh Eo Co Shligigh | 753 | 859 | 14.1 |
| Paiteagó* | Co Dhún na nGall Co Fhear Manach | 275 | 280 | 1.8 |
| Ceantair mhaguaird ar Bhiorra | Co Uíbh Fhailí Tiobráid Árann Thuaidh | 846 | 990 | 17.0 |

* Daonna an chuid sin de Phaiteagó atá lonnaithe i gCo Dhún na nGall.

Aguisín 6

Sceideal na bhFoilseachán ó Dhaonáireamh 2006

| Cur Síos | Dáta Foilseacháin |
|---|--------------------------|
| <u>Réamh Thuairisc</u> | 19 Iúil 2006 |
| <u>Príomhthorthaí Déimeagrafacha</u> | 29 Márta 2007 |
| Imleabhar 1 – An Daonra Rangaithe de réir Ceantair | 26 Aibreán 2007 |
| Imleabhar 2 – Aoiseanna agus Stádas Pósta | 10 Bealtaine 2007 |
| Imleabhar 3 – An Líon Tí, Aonaid Teaghlaigh agus Torthúlacht | 31 Bealtaine 2007 |
| * Staitisticí Daonra na gCeantar Beag (SAPS) – athróga déimeagrafacha | 07 Meitheamh 2007 |
| Príomhthorthaí Socheacnamaíocha | 21 Meitheamh 2007 |
| Imleabhar 4 – Gnátháit Chónaithe, Imirce, Áiteanna Breithe agus Náisiúntacht | 05 Iúil 2007 |
| Imleabhar 5 – Cúlra Eitneach nó Cultúr (Lucht Taistil na hÉireann san áireamh) | 26 Iúil 2007 |
| Imleabhar 6 – Tithíocht | 16 Lúnasa 2007 |
| Imleabhar 7 – Príomhstádas Eacnamaíoch agus Tionscail | 06 Meán Fómhair 2007 |
| Imleabhar 8 – Gairmeacha Beatha | 20 Meán Fómhair 2007 |
| Imleabhar 9 – An Ghaeilge | 04 Deireadh Fómhair 2007 |
| Imleabhar 10 – Oideachas agus Cáilíochtaí | 18 Deireadh Fómhair 2007 |
| *Staitisticí Daonra na gCeantar Beag (SAPS) – gach athróg | 25 Deireadh Fómhair 2007 |
| Imleabhar 11 – Míchumas, Cúramóirí agus Gníomhaíochtaí Deonacha | 01 Samhain 2007 |
| Imleabhar 12 – Taisteal chuig an Obair, An Scoil agus chuig an gColáiste | 15 Samhain 2007 |
| Imleabhar 12 – Creideamh | 29 Samhain 2007 |

*Beidh Staitisticí Daonra na gCeantar Beag (SAPS) curtha ar fáil mar tháblaí idirghníomhacha, saor in aisce ar shuíomh idirlín na POS